

Trócaire

Ag obair ar son na córa ar domhan.



**IS MÓR IS
FIÚ AN
BRAOINÍN
IS LÚ!**

**Pacáiste Acmhainne
Oideachais do
Bhunscoileanna**

Enestina,
9 mbliana d'aois,
An Mhaláiv

Ní Beatha go hUisce

Trócaire
Ag obair ar son na córa ar domhan.



CLÁR

Nótaí an Mhúinteora	2
Géirchéim Uisce an Domhain Uile	4
Braoinín Uisce	6
Léarscáil na Maláive	7
Curaclam na Sraithe	
Sóisearaí/ Eochairghrád 1	8
Curaclam na Sraithe	
Sinsearaí/ Eochairghrád 2	12
Bíse féin Gníomhach!	16
Bileoga Oibre	18

IS MÓR IS FIÚ AN BRAOINÍN IS LÚ

Cad é an t-Oideachas Forbartha dar le Trócaire?

Is éard atá i gceist leis an Oideachas Forbartha ná próiseas oideachasúil atá cruthaitheach agus gníomhach a mhéadaíonn an tuiscint atá ag daoine ar an domhan trí cheangail a dhéanamh idir a saoil féin agus saoil dhaoine eile.

Ceistíonn an t-Oideachas Forbartha braistintí agus steiréitíopaí ag mealladh shoirbheachais, rannpháirtíochta agus gníomhaíochta ar son na córa ar domhan.


Spreagann an acmhainn Oideachas Forbartha seo sibh le:


FIOSRÚ: Déan iniúchadh ar uisce mar cheist chóra tríd an bhfoghlaim ghníomhach agus chruthaitheach

SMAOINEAMH: Cothaigh samhlaíochtaí trí thacú le páistí ceangail a dhéanamh idir uisce ina saoil féin agus uisce ar domhan

GNÍOMHÚ: Cuir ar chumas na ndaltaí gníomh a thógaint lena saoil a chaitheamh i slí atá inbhuanaithe.

An t-Oideachas Forbartha dar le Trócaire





NÓTAÍ AN MHÚINTEORA

Curaclam na Sraithe Sinsearaí/ Eochairghrád 2

Spreagann modhanna múinte agus gníomhaíochtaí na ranna seo an fhoghlaim ghníomhach agus chomhoibríoch tríd an obair aonair agus trí obair ghrúpa. Cuirtear ar chumas na bpáistí géariniúchadh a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann siad as uisce ina saoil féin agus ceangail a dhéanamh idir an comhthéacs logánta agus an comhthéacs domhanda.

Ba cheart don mhúinteoir ábhar agus eolas a chur os comhair an ranga i slí atá cothrom chun cabhrú leis na páistí gan a bheith claonta agus steiréitíopaí a cheistiú. Moltar chomh maith go mbainfí úsáid as réimse leathan ábhair agus foinsí.

Treoirlínte do Mhúineadh an Oideachais Forbartha:

- Aithin gur ceist chasta í an fhéiniúlacht. Ceistigh claontacht, steiréitíopaí agus dearcthaí ciníocha
- Tabhair léargas cothrom ar na tíortha atá i mbéal forbartha, ag aithint na rudaí dearfacha a bhaineann leo gan neamhaird a dhéanamh de dheacrachtaí na bochtaineachta
- Meall smaointeoireacht chriticiúil na bpáistí agus iad ag plé le hábhar, le hiompar agus le cásanna éagsúla
- Tabhair deis do na páistí a mbuairt, a dtaithí agus fuascailt na bhfadhbanna dar leo féin a chur in iúl agus tóg ar an méid seo
- Féach ar fhírinne an tsaoil laethúil do na daoine atá ag streachailt leis an mbochtanaieacht chomh maith leis na cásanna ghéirchéime. Cinntigh go gcuirtear ábhar i láthair i gcomhthéacs agus go n-aithnítear an éagsúlacht a bhaineann leis na tíortha atá i gceist
- Meall ionbhá na bpáistí do dhaoine eile

Siombailí a úsáidtear tríd an acmhainn:



Úsáidtear an siombal seo le béim a leagadh ar smaointe don chomórtas Domhan Níos Fearr. Comórtas neamhiomaíoch é seo a aithníonn obair na bpáistí agus na múinteoirí agus iad ag plé le téama an Charghais gach bliain. Bronntar teastas agus suaitheantas Domhan Níos Fearr ar gach dalta a ghlacann páirt sa chomórtas seo.



Úsáidtear an siombal seo le smaointe cabhracha agus nodanna a thabhairt do mhúinteoirí atá ag iarraidh an t-Oideachas Forbartha a dhéanamh beo ina seomraí ranga.



Fíric fiúntach faoin uisce.



Dírítear aird na múinteoirí ar shuíomh idirlíne Trócaire: www.trocaire.org/education/lent2014, áit a bhfaighidh siad raidhse ábhar breise tacaíochta: léarscáil satailíte idirghníomhach, taispeántais sleamhnán, físeanna, grianghraif gur féidir a úsáid ar chláir bhán. Is féidir ábhar a bhaineann le Curaclam na Sraithe Sóisearaí/ Eochairghrád 1 nó le Curaclam na Sraithe Sinsearaí/ Eochairghrád 2 a íoslódáil.



Trocaire/Tamiru Legesse

Saare,
6 bliana d'aois, An Aetóip



An úsáid a bhaintear as fionnuisce ar domhan:

Thart ar **70%**

D'UISCIÚ

Thart ar

20%

D'EARNÁIL NA TIONSCLAÍOCHTA

Thart ar

10%

D'ÚSÁID AN TEAGHLAIGH

*Foinse: Clár Measúnaithe

Uisce Domhanda (WWAP)



Meastar go bhfásfaidh daonra an domhain ó:

2010 6.9 billiún

2030 8.3 billiún

2050 9.1 billiún

*Foinse: Clár Measúnaithe

Uisce Domhanda (WWAP)



Tá an duine daonna ag idiú acmhainní nádúrtha an domhain, uisce mar shampla, ag ráta nach bhfuil inbhuanaithe. Ba ghá **3 DHOMHAN GO LEITH** le slí mhaireachtála an ghnáthdhuine ón Éoraip nó ó Mheiriceá Thuaidh a chothabháil.

**Foinse: Clár Measúnaithe Uisce Domhanda (WWAP)



GÉIRCHÉIM UISCE AN DOMHAIN UILE

Géirchém Uisce an Domhain Uile

Tá méid teoranta uisce ar domhan. Meastar gur fionnuisce 2.5% den méid seo, agus níl ach fórbheagán de seo ar fáil. Tá an chuid eile de i bhfoirm oighearchaidhpeanna pholacha.

Cad í an fhadhb mar sin?

- Tá an daonra domhanda ag fás go mear, rud a chuireann brú ar sholáthar uisce (éileamh ag dul i méid)
- Tá méid an uisce á laghdú ag truailliú agus éilliú (soláthar ag dul i laghad)
- Sa chomhthéacs seo, is mó go mór an bhagairt maidir le fáil a bheith acu ar uisce ar na pobail is leochaillí agus is imeallaí ná ar dhream ar bith eile.

Is iad na héilimh tí, thionsclaíocha agus


fheirmeoireachta is mó atá ag dul i méid. 25 lítear uisce a theastaíonn chun maireachtáil go bunúsach dar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS/ WHO) nó 100 lítear le maireachtáil go hinbhuanaithe. Faraoid, níl dóthain uisce glan ar fáil i dtíortha áirithe le riachtanais a ndaonra atá ag síor-mhéadú a shásamh. Ní féidir leo an bonneagar is gá a thógaint as a n-acmhainní féin le gur féidir leo an t-uisce a ghlanadh agus a iompar.


Den 1.1 bhilliún duine ar domhan nach bhfuil fáil acu ar sholáthar uisce atá sábháilte, buansheasmhach, meas na Náisiúin Aontaithe go bhfuil aon trian den mhéid seo ag iarraidh maireachtáil ar níos lú ná \$1 in aghaidh an lae agus go bhfuil níos lú ná \$2 in aghaidh an lae á thuilleamh ag an dá thrían eile. Faoin mbliain 2050 is dóigh go mbeidh 2.7 bhilliún duine eile ar domhan, rud a mhéadóidh an t-éileamh sin.²



Mná ag tobar, Pobal Dedza, An Mhaláiv

1. Clár Forbartha na Náisiúin Aontaithe (UNDP) Tuairisc Fhorbairt Dhaonna 2006
2. Dar leis an Dr. Jacques Diouf, Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO), tá úsáid uisce dhomhanda ag méadú ag ráta faoi dhó chomh tapaigh le méadú an daonra le céad bliain anuas.







ÚSÁID ÁITIÚIL UISCE



Dhá shuíomh idirlíne den scoth a bhfuil réimse leathan bábóga chóirhrádála a dhéantar go heiticiúil, feistis bréige do pháistí agus tithe súgartha ó gach cearn den domhan ar fáil orthu ná: Kids Like Me, www.kidlikeme.co.uk agus Wood That's Good, www.woodthatsgood.co.uk



An bhfuil smaointe cabhracha uait ar eagrú an tseomra ranga agus ar phleanáil thimpeallacht súgartha? Féach ar shuíomh idirlíne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA): www.curriculumonline.ie/en/

CURACLAM NA SRAITHE SÓISEARAÍ / EOCHAIRGHRÁD 1

Leagtar béim i ngníomhaíochtaí súgradh-bhunaithe na roinne seo ar idirspheáchas an domhain ina mhairimid. Sna gníomhaíochta tosaithe leantar ón gcómhthéacs logánta go dtí an comhthéacs domhanda ag cur ar chumas na bpáistí iniúchadh a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann siad féin as uisce agus ceangail a dhéanamh idir a saoil féin agus saol Enestina agus saoil mhuintir na Maláive.

Eagrú an tSeomra Ranga:

Leag amach ceithre nó cúig spás súgartha mar atá leagtha amach anseo. Bíodh pictiúirí den úsáid laethúil a bhainimid as uisce ar fáil ins gach spás. Cinntigh go bhfuil pictiúirí/léaráidí na bpáistí d'úsáid uisce ina saoil féin ar thaispeáint chomh maith.

Deiseanna foghlama sa bhaile:

Cuir in iúl do thuismitheoirí go bhfuil na páistí ag foghlaim mar gheall ar uisce agus an úsáid a bhaintear as go háitiúil agus ag leibhéal domhanda. Iarr ábhar tacaíochta ar na thuismitheoirí (buidéil fholamha, cartáin, sean-éadaí, sorcóir rollaí páipéar leithris, trealamh tomhais agus doirtidh); tóg grianghraif nó fiseáin a d'fhéadfaí a thaispeáint do na thuismitheoirí; tabhair cuireadh do na thuismitheoirí teacht isteach féachaint ar an obair atá déanta ag na páistí agus í a phlé.

Úsáid Áitiúil Uisce

TÚSPHOINTE. GNÍOMHAÍOCHT 1: BLEACHTAIRÍ UISCE

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Scileanna Mata; Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; na hAmharcealaíona; OSPS.

TÉ: Mata agus Uimhearthacht; Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; na hEalaíona; PDMU

Ácmhainní ag teastáil: páipéar smeach-chairte, marcóirí

- Mínigh do na páistí go bhfuilid ag dul ar thuras timpeall na scoile agus misean faoi leith acu. Is bleachtairí uisce uile na scoile a aimsiú, m.sh: buacairí, leithris, scairdáin uisce srl.
- Sula bhfágann siad an seomra bíodh

seisiún tobsmaointe ag an rang faoi na foinsí uisce a d'fhéadfadh a bheith timpeall na scoile.

- I ngrúpaí, bíodh duine amháin mar scríbhneoir. Agus iad ag siúl timpeall na scoile ba cheart don duine seo suíomh gach foinsé a bhreacadh síos. I gcás na ranganna Naíonáin d'fhéadfadh an múinteoir an t-eolas seo a bhreacadh.
- Ar theacht thar n-ais an tseomra ranga dáil leathanach mór ar gach grúpa agus roinnt marcóirí. Iarr ar na páistí léaráid a tharraingt den scoil. In ionad sin, d'fhéadfadh an múinteoir an scoil a tharraingt ar an gclár.
- I mbabhtá cuireann na páistí X mór ar pháir (nó ar an gclár) leis na foinsí uisce a d'aimsigh siad a léiriú.

TÚSPHOINTE. GNÍOMHAÍOCHT 2: UISCE AGUS MO SHAOL LAETHÚIL

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta, Dráma

TÉ: Teanga agus Litearthacht; Dráma

Ácmhainní ag teastáil: Bileog Oibre (lth. 18), sraith cártaí an ghrúpa; cóipeanna den Bhraoinín Uisce (lth. 6), ceann an duine.

- Pléigh saol laethúil na bpáistí – éirí ar maidin, cith a thógaint, gléasadh srl.
- I mbeirteanna, iarr ar na páistí smaointeamh faoi na rudaí ar fad a dhéanann siad gach lá agus faoin úsáid a bhaineann siad as uisce i rith an lae.
- Roinn an rang i ngrúpaí beaga. Dáil na cártaí "Uisce inár saoil" ar gach grúpa. Iarr ar na páistí cárta a roghnú duine ar dhuine in sna grúpaí agus an pictiúr atá ar an gcárta a léiriú le geaitsíochtaí. Caithfidh na páistí eile sa ghrúpa buille faoi thuairim a thógaint faoin úsáid atá á baint as uisce ag an bpáiste atá ag déanamh geaitsíochta.

Gníomhaíocht Bhreise:

- Tabhair pictiúr den Bhraoinín Uisce (lth.6) do gach páiste agus iarr orthu pictiúr a tharraingt a léiríonn na slite éagsúla a bhíonn uisce á n-úsáid acu



ÚSÁID ÁITIÚIL UISCE

Bímís ag Spraí!

Nasc Curaclaim: Teanga Labhartha; Litearthacht agus Uimhearthacht; Ábhar traschuraclaim.



Sula dtosnaíonn an spraí, roinn an rang i ngrúpaí nó iarr ar na páistí dul go dtí an spás gur mhaith leo spraí ann. Faoi dheireadh na seachtaine, ba cheart go mbeadh gach grúpa tar éis babhta a bheith acu ins gach spás súgartha. Cuireann an múinteoir i gcuimhne do na páistí an phlé a bhí ag an rang mar gheall ar uisce a úsáid gach lá agus tagann na páistí le chéile i ngrúpaí beaga chun plé a bheith acu mar gheall ar an gcuiche a imreoidh siad nó an rud a dhéanfaidh siad (ealaíon) fad a bhíonn siad ag machnamh mar gheall ar an úsáid a bhaineann siad as uisce. Tagann gach grúpa thar n-ais lena moltaí a chur faoi bhráid an ranga.

Spás Súgartha 1: Saghas Súgartha: Ligimís orainn!

Acmhainní ag teastáil: Cistin do pháistí, fearais a úsáideann uisce sa tigh m.sh. iarann, citeal, coirí, cupáin, soip, cruíscíní, vásaí, cannaí spréite, plandaí, buicéad, folcadh linbh, cartáin agus pacáistí folamha, (bosca glantach éadaí, buidéil sú, buidéil leacht níocháin, buidéil seampú), éadaí bréige m.sh. naprúin, ceirteacha, tuáillí, bábóga ilchultúrtha, puipeíd, bréagáin bhoga srl.

Spás Súgartha 2: Saghas Súgartha: Súgradh Cruthaitheach – Dramhealaín
Acmhainní ag teastáil: péint éagsúla (fuílleach gorm agus uisce), uisce, scuaba, pinn luaidhe, criáin, marcóirí, spúinsí, soip, buidéil phlaisteacha, méarphéinteanna, dramhábhar, cairt, sean-irisleabhair, boscaí folmha, cruthanna pháipéir (cruthanna agus méid éagsúla), siosúir (deisealach agus cifolmhaotach), olann chadáis, scragall stáin, sorcóir rollaí páipéar leithris, seilítéip, gliú, bandaí leaisteacha, srl.

Spás Súgartha 3: Saghas Súgartha: Súgradh le hÁbhair Nádúrtha (uisce)
Acmhainní ag teastáil: réimse leathan soithí agus coimeádáin de chruth agus méid éagsúla; trealamh le doirteadh, tomhas, láimhsiú, líonadh, scúpáil agus le cur i gcéill a dhéanamh leis; éisc bhréige agus ainmhithe mara, báid srl; rudaí a shnámhann agus a théann go tóin poill.

Spás Súgartha 4: Saghas Súgartha: Súgradh láimhsithe - Marla
Acmhainní ag teastáil: Marla, uisce, gearrthóirí de chruth agus méid éagsúla; mataí, gealra, páipéar, siosúir, réiteoirí píopa, cnaipí, caipíní buidéal srl.

Spás Súgartha 5: Saghas Súgartha: Súgradh tógála – Bloic Thógála
Acmhainní ag teastáil: bloic mhóra thógála, lego, boscaí folmha agus coimeádáin, báid bhréige, deilbhíní.



Chun cabhrú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bpáistí a fhorbairt, cinntigh go bhfuil pinn, páipéar, leabhair nótaí, lipéid, leabhair faoi chúrsaí uisce, áireamhán, téip tomhais srl. ar fáil ins gach aon spás súgartha. Is féidir le páistí na scileanna tábhachtacha seo a fhorbairt agus iad i mbun gníomhaíochtaí réalaíocha.



Tiocaire/Eoghan Rice

Buachaill ag úsáid tobair, An Phacastáin



ÚSÁID DOMHANDA UISCE

Úsáid Uisce timpeall an Domhain

Eagrú an tSeomra Ranga

Cuir leis na spásanna shúgartha a leagtar amach thíos.

STÚSPHOINTE. GNÍOMHAÍOCHT 3: CÉN ÁIT AR DOMHAN?

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Luathscileanna Mata; Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; OSPS; Alive-O

TÉ: Mata agus Uimhearthacht; Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; PDMU

Acmhainní ag teastáil: cruinneog an domhain nó léarscáil an domhain (Dob'fhearr Léarscáil Teilgin Pheadair/ Peter's Projection Map atá ar fáil ó Trócaire. Léirítear tíortha an domhain ar na léarscáileanna seo bunaithe ar a méideanna réalaiócha); gúshnáth gorm; píosa fada olla nó corda; Léarscáil idirghníomhach Google ar fáil ar www.trocaire.org/education/lent2014.



- Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag foghlaim mar gheall ar thír i bhfad i gcéin a dtugtar An Mhaláiv uirthi
- Aimsíonn na páistí Éire ar an gcruinneog/ ar an léarscáil. Greamaíonn siad píosa gúshnáithe goirme san áit a bhfuil Éire
- Aimsíonn na páistí an Mhaláiv ar an gcruinneog/ ar an léarscáil. Greamaíonn siad an dara píosa gúshnáithe goirme uirthi
- Ansan cuir píosa olla/ corda idir Éire agus an Mhaláiv lena thaispeáint do na páistí an t-achar eatarthu
- Féachann na páistí ar an Maláiv ar léarscáil idirghníomhach Google
- Ag baint úsáide as an amharc sailílte agus as an amharc ón talamh, zúmáil isteach ar an Maláiv – Cad a thugann na páistí faoi deara fúithi? Cén dath atá uirthi? Cén fáth a bhfuil an dath seo uirthi?
- Anois aimsigh Éire ar an léarscáil agus zúmáil isteach. Cad a thugann na páistí faoi deara faoi Éirinn? Cén dath atá uirthi? Cén fáth a bhfuil an dath seo uirthi? An bhfuil sí cosúil leis an Maláiv? An bhfuil sí níos mó nó níos lú ná an Mhaláiv?

TÚSPHOINTE. GNÍOMHAÍOCHT 4: AN SAOL SA MHALÁIV

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; OSPS

TÉ: Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; PDMU

Acmhainní ag teastáil: sleamhnán

Churaclam na Sraithe Sóisearaí,

“Life in Malawi” atá ar fáil ag

[www.trocaire.org/education/](http://www.trocaire.org/education/lent2014)

lent2014, grianghraif Trócaire

atá ar fáil ar chúl an leabhráin seo, breis

grianghraif le híoslódáil ó www.trocaire.org/education/lent2014



- Féach ar shleamhnán Churaclam na Sraithe Sóisearaí, “Life in Malawi”. Foghlaim mar gheall ar ghnáthshaoil mhuintir na Maláive.

Gníomhaíocht Bhreise:

- Sa ghníomhaíocht ghrianghraif seo, tá sé ríthábhachtach gan steiréitíopaí a threisiú agus mar sin cinntigh go gcuirtear pictiúir, meoin agus comhthéacsanna éagsúla os comhair na bpáistí. Roghnaigh pictiúir a leagann béim ar chosúlachtaí chomh maith le difríochtaí.
- Roinn an rang i ngrúpaí beaga agus tabhair grianghraif ó phacáiste acmhainne Trócaire nó grianghraif íoslódáilte do gach grúpa. Iarr ar na grúpaí an méid a fheiceann siad sa ghrianghraif a phlé agus an t-eolas a chur i láthair os comhair an ranga.

Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu:

- An bhfuil daoine sa ghrianghraif? Má tá, cé hiad, meas tú? Muna bhfuil cá bhfuil siad?
- Cár tógadh an grianghraif? Cén fáth go ndeir tú é sin?
- An bhfuil rudaí sa ghrianghraif atá againn anseo in Éirinn chomh maith?
- Cad a thaitníonn leat/ nach dtaitníonn leat mar gheall ar an ngrianghraif?
- Ar mhaith leatsa a bheith sa ghrianghraif seo? Cad ina thaobh?



Chun cabhrú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bpáistí a fhorbairt, cinntigh go bhfuil pinn, páipéar, leabhair nótaí, lipéid, leabhair faoi chúrsaí uisce, áireamhán, téip thomhais srl. ar fáil ins gach aon spás súgartha. Is féidir le páistí na scileanna tábhachtacha seo a fhorbairt agus iad i mbun gníomhaíochtaí réalaiócha.



ÚSÁID DOMHANDA UISCE

TÚSPHOINTE. GNÍOMHAÍOCHT 5: ENESTINA AGUS MÉ FÉIN!

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Béil; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; na hAmharcealaíona;

OSPS TÉ: Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; na hEalaíona; PDMU

Acmhainní ag teastáil: sleamhnán Churaclam na Sraithe Sóisearaí, "Meet Enestina", atá ar fáil ag www.trocaire.org/education/lent2014; píosa mór páipéir; marcóirí; criáin.



- Féach ar shleamhnán Churaclam na Sraithe Sóisearaí, "Meet Enestina" agus lig do na páistí aithne a chur ar Enestina.

Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu:

- An bhfuil do shaol cosúil le saol Enestina? Conas?
- Conas atá do shaol difriúil óna saol siúd?
- Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar an Maláiv lá éigin? Cén fáth gur/nár mhaith leat?
- Pléigh an úsáid a bhaineann muintir na Maláive as uisce.



Gníomhaíocht Bhreise:

- Roinn an rang i ngrúpaí beaga agus iarr ar pháiste amháin luí síos ar an bpíosa páipéir
- Ainmnigh páiste eile le imlíne a tharraingt timpeall ar an bpáiste atá ina luí
- Scríobhann na páistí ainm Enestina os cionn na himlíne
- Iarr ar na páistí na rudaí ar fad atá foghlamtha acu faoi Enestina a scríobh nó a léiriú i bhfoirm pictiúir laistigh den imlíne seo
- Tiocfaidh gach grúpa thar n-ais leis an méid atá scríofa/ tarraingte acu a phlé leis an rang

Bímís ag Súgradh!

Sula gcuirtear tús leis an súgradh, tugann an múinteoir achoimre do na páistí ar Enestina, an saghas saoil atá aici sa Mhaláiv agus an úsáid a bhaineann a muintir as uisce. Tagann na páistí le chéile i ngrúpaí beaga chun plé a bheith acu mar gheall ar an gcluiche a imreoidh siad nó an rud a dhéanfaidh siad (ealaíon) fad a bhíonn siad ag machnamh mar gheall ar Enestina agus an saghas saoil atá aici sa Mhaláiv. Tagann gach grúpa thar n-ais lena moltaí a roinnt leis an rang.

Spás Súgartha 1: Saghas Súgartha: Ligimís orainn!

Acmhainní ag teastáil: Buicéad mór, coirí, plátaí, canna spréite, cóipleabhair, pinn, pinn luaidhe, clog mór, clár dubh, éadaí bréige, plaincéid, bábóga ilchultúrtha, puipéid, bréagáin bhoga srl.

Spás Súgartha 2: Saghas Súgartha: Súgradh Cruthaitheach – Dramhealaín



Acmhainní ag teastáil: mar atá thuas; grianghraf den aghaidh fidil Gule atá ar fáil ar chúl an phacáiste seo. Cuardaigh gailearaí ghrianghraf Trócaire www.trocaire.org/education/lent2014 chun pictiúir eile d'aghaidheanna fidil cosúil leis seo a aimsiú

Spás Súgartha 3: Saghas Súgartha: Súgradh le hÁbhar Nádúrtha (uisce)

Acmhainní ag teastáil: réimse leathan soithí agus coimeádáin de chruth agus méid éagsúla; trealamh le doirteadh, tomhas, láimhsiú, líonadh, scúpáil agus le cur i gcéill a dhéanamh leis; éisc bhréige agus ainmhithe mara, báid srl; rudaí a shnámhann agus a théann go tóin poill.

Spás Súgartha 4: Saghas Súgartha: Súgradh Láimhsithe - Marla

Acmhainní ag teastáil: Marla, uisce, gearrthóirí de chruth agus méid éagsúla; mataí, gealra, páipéar, siosúir, réiteoirí píopa, cnaipí, caipíní buidéal srl.

Spás Súgartha 5: Saghas Súgartha: Súgradh Tógála – Bloic Thógála

Acmhainní ag teastáil: bloic mhóra thógála, lego, boscaí folmha agus coimeádáin, báid bhréige, deilbhíní.

Machnamh agus measúnú



Acmhainní ag teastáil: Mata mór nó píosaí páipéir a d'fhéadfadh na páistí suí síos orthu.

- Mínigh do na páistí go bhfuilid ag dul ar thuras draíochta chun na Maláive ar chairpéad.
- Tugann an rang ar fad cuairt ar an Maláiv, múinteoir san áireamh agus é/í i ról.

Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu:

- Conas a bhainimid an Mhaláiv amach?
- Cad a chífimid ann?
- Cé a chasfaidh orainn?
- Cá rachaimid chun uisce a fháil?

Déanfaidh an múinteoir cóip de léarscáil na Maláive (lth. 7) agus dáilfidh sé/sí léarscáil ar gach páiste. Déanfaidh na páistí an méid atá foghlamtha acu mar gheall ar shaol na Maláive a bhreacadh ar pháipéar nó a léiriú i bhfoirm pictiúir.



ÚSÁID ÁITIÚIL UISCE

Curaclam na Sraithe Sinsearaí/ Eochairghrád 2

Cuireann na gníomhaíochtaí atá leagtha amach anseo thíos ar chumas na bpáistí machnamh ar a saoil féin agus ar shaoil dhaoine eile. Sula dtosnaítear ar na gníomhaíochtaí seo leis an rang, moltar píosa páipéir ollmhór a chrochadh a d'fhéadfaí a úsáid mar Fhalla Graifítí.** Beidh na páistí in ann cur leis an bhFalla Graifítí de réir a chéile. Is féidir an Falla Graifítí seo a úsáid ar mhórán slite:

- D'fhéadfadh na páistí nótaí, gearrháin as nuachtáin, grianghraif, pictiúir agus nótaí machnaimh ar an méid atá foghlamtha acu a chrochadh ar an bhfalla
- Meall na páistí le ceisteanna a chur. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a úsáid mar thúsphointe don chéad cheacht eile
- Meall ó na páistí na rudaí is mó go bhfuil spéis acu iontu maidir leis an dtoipic atá faoi chaibidil. D'fhéadfadh sé seo léargas a thabhairt duit nó tú a threorú agus tú ag iarraidh an chéad cheacht eile a phleanáil
- Fianaise d'aistear foghlama na bpáistí

Usáid Uisce go hÁitiúil

GNÍOMHAÍOCHT 1: TÓRAÍOCHT GHRÉASÁIN

(Nóta: Níl sna suíomhanna idirlíne thíosluaite ach moltaí. Moltar do mhúinteoirí dul ar gach suíomh iad féin sula dtéann na páistí ar líne, lena chinntiú go bhfuil an t-ábhar ar fáil agus go bhfuil sé oiriúnach ó thaobh aoise de).

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; Eolaíocht; OSPS

TÉ: Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; Eolaíocht; Teicneolaíocht; PDMU

Acmhainnaí ag teastáil:

Téigh ar www.trocaire.org/education/lent2014 agus faigh an tóraíocht ghréasáin "Water, Water, Everywhere" (Curaclam na Sraithe Sinsearaí); ríomhaire le rochtain idirlín do gach páiste.

- Roinn an rang i ngrúpaí. Tabhair cuireadh do na grúpaí dul ar thóraíocht ghréasáin agus an misean atá acu ná fáil amach cad as a dtagann uisce uile an domhain agus cén úsáid a bhaintear as.
- Tíocfaidh na grúpaí thar n-ais leis an méid a d'fhoghlaim siad a roinnt leis an rang. D'fhéadfaí



an t-eolas a thaispeáint i bhfoirm chur i láthair Powerpoint, fiseáin, rólghlacadh nó díreach é a phlé.

Gníomhaíocht Bhreise:

Iarr ar na daltaí grianghraif, ceisteanna nó tuairimí a chur ar an bhfalla graifítí, rud a chuirfidh ar a gcumas a thuilleadh macnaimh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu.

GNÍOMHAÍOCHT 2: AN ÚSÁID A BHAINIMID AS UISCE.

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Mata; Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Eolaíocht; OSPS

TÉ: Mata agus Uimhearthacht; Teanga agus Litearthacht; Eolaíocht; PDMU

Acmhainnaí ag teastáil:

Buacaire (buacaire an ghrúpa más féidir); clog nó uaireadóir; páipéar agus peann; crúiscíní tomhais, cartán bainne folamh (1 lítear); dhá bhucéad mór nó coimeádáin le huisce a bhailiú.

- Abair leis an rang go bhfuil siad chun an méid uisce a chuireann buacaire sceitheach amú in aon lá amháin a fhiosrú. Is féidir leis na páistí é seo a dhéanamh mar thurgnamh ranga nó i ngrúpaí
- Roinn an rang i ngrúpaí agus iarr orthu plé a bheith acu faoi conas a bhfaighfidh siad an t-eolas seo amach. Taispeáin an cartán lítear bhainne dóibh. Iarr orthu buille faoi thuairim a thógaint cé mhéid uisce a chuirfeadh buacaire sceitheach amú in aon lá amháin
- Cas an buacaire ar siúl ionas nach mbeidh ach braoiníní ag teacht as. Má tá buacaire sa scoil atá dáiríre ag sceitheadh, d'fhéadfaí an ceann sin a úsáid
- Déan nóta den am a chasann tú an buacaire
- Cuir buicéad nó coimeádán faoina bhun agus fág ann é ar feadh uair a' chloig.
- Tar éis uair a' chloig múch an buacaire (nó bog an buicéad ón mbuacaire atá ag sceitheadh)
- Faigh amach cé mhéid uisce a bailíodh trí é a dhoirteadh isteach sa chrúiscín tomhais, nó má tá an buicéad ró-throm, cuir an chrúiscín isteach sa bhucéad nó coimeádán agus doirt an t-uisce isteach sa dara bhucéad nó coimeádán ag tomhas an méid uisce atá á dhoirteadh
- Breac síos an méid uisce atá tomhaiste
- Lean ag doirteadh agus ag tomhas go dtí go bhfuil an buicéad folamh
- Déan nóta den méid iomlán uisce a bailíodh ón

** Ba mhaith le Trócaire buíochas a ghabháil le Ms. Paula Galvin, Scoil Náisiúnta Chluain Buiriosa, Cluain Buiriosa, Cluain Dolcáin, BÁC 22, a roinn an smaíneamh iontach seo linn!



NÓTAÍ AN MHÚINTEORA

Tá sé mar aidhm ag an acmhainn Oideachas Forbartha seo feidhm a bhaint as modheolachtaí gníomhacha teagaisc chun géariniúchadh a dhéanamh ar an téama Uisce Domhanda.

Naisc le Curaclam na Bunscoile

Aistear	Curaclam na Bunscoile: Poblacht na hÉireann	Curaclam na Bunscoile: Tuaisceart Éireann
Comhionannas agus éagsúlacht	Bheith feasach ar an éagsúlacht aonair.	Caoinfhulaingt agus comhmheas ar a chéile a fhorbairt.
Tuismitheoirí, muintir agus pobal.	Bheith feasach ar an éagsúlacht aonair.	Gaoil dhaingne le comhdhaltaí agus le daoine fásta i dtimpeallacht dhearfach, rud a thacaíonn le forbairt mhothálach na bpáistí.
Páistí mar shaoránaigh	Bheith feasach ar an éagsúlacht aonair.	Bheith feasach ar a gcearta agus a ndualgaisí.
Súgradh agus eispéiris teagmhálacha	Ag foghlaim trí ghníomhaíochtaí treoraithe fionnachtanacha. Foghlaim timpeallacht-bhunaithe.	Deiseanna tús a chur le súgradh, rud a mhéadaíonn inspreagadh intreach agus fiosracht nádúrtha.
Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch	Comhtháthú na foghlama. Traschur na foghlama. Diminsin shóisialta agus mhothálacha san fhoghlaim. Scileanna ardoird smaointeoireachta agus scileanna réitithe fadhbanna a fhorbairt.	Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim i slíte éagsúla agus i ngrúpaí sóisialta éagsúla. Bíonn rogha ag na páistí agus bíonn siad féinriartha agus neamhspleách.
Foghlaim gníomhach	Bíonn an dalta gníomhach ina c(h)uid foghlama féin. Foghlaim chomhoibríoch.	Bíonn na páistí gníomhach i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm a gcuid oibre féin agus machnamh á dhéanamh acu uirthi.
Eispéiris iomchuí réalaíocha	Úsáidtear réamheolas na bpáistí mar thúsphointe don bhfoghlaim.	Bíonn deiseanna ag na páistí páirt ghníomhach a ghlacadh sa bhfoghlaim phraicticiúil, dhúshlánach, shúgradh-bhunaithe i dtimpeallacht spreagúil.

Connecting to Alive-O

ALIVE - O 2 Téarma 3: Uisce

ALIVE - O 4/6 Téarma 1: Ag cothú

ALIVE - O 3 Téarma 1: Íosa - Fáidh

ALIVE - O 7 Téarma 2: Pobal na Críostaíochta timpeall an Domhain

Leagtar an t-ábhar san acmhainn seo amach ina dhá roinn: Curaclam na Sraithe Sóisearaí / Eochairghrád 1 agus Curaclam na Sraithe Sinsearaí / Eochairghrád 2.

Curaclam na Sraithe Sóisearaí/ Eochairghrád 1

Aistear: Úsáideadh Aistear: Creachcúraclam na Luath-Óige mar bhunús do roinn Churaclam na Sraithe Sóisearaí san acmhainn seo. Aithníonn Aistear gur bunchlocha iad an phlé, an iniúchadh agus an súgradh sa luathoideachas. Baineadh leas as an gCreatlcúraclam mar threoír agus gníomhaíochtaí teagmhálacha á bpleanáil do dhailtaí sna ranganna shóisearacha.

Tugtar cuntas i roinn Churaclam na Sraithe Sóisearaí ar ghníomhaíochtaí éagsúla a chuirfidh ar chumas na bpáistí dul i ngleic le téama an Uisce tríd an súgradh. Ní hamháin gur bunchheart daonna é deis spraoi a bheith ag leanbh (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh, 1992) ach cabhraíonn an spraoi leis/ léi a c(h)uid eolais agus a scileanna a fhorbairt, brí a bhaint as a t(h)aithí pearsanta agus ceangail a dhéanamh leis an domhan mórtimpeall.



ÚSÁID ÁITIÚIL UISCE

- mbuacaire sceitheach
- Is féidir an t-uisce a bailíodh a úsáid le plandaí timpeall na scoile a uisciú!

Gníomhaíocht Bhreise:

- An mó lítear uisce a chuirtear amú in aon lá/ mí/ bliain amháin i do scoilse?
- Seiceáil buacairí uile na scoile (cinn lasmuigh san áireamh) féachaint an bhfuil aon cheann acu ag sceitheadh. Déan an rud céanna sa bhaile.

Gníomhaíocht Obair Bhaile:

Fiosraigh cé mhéid uisce a chuireann do mhuintir amú nuair a fhágtar an buacaire ar siúl le linn daoibh bhur bhfiacra a scuabadh. Is féidir leis na daltaí an fiosrúchán seo a dhéanamh tríd an bpluga a fhágaint sa doirteall agus na fiacra á scuabadh acu agus an taos a chaitheamh óna mbéil isteach i gcoimeádáin. Nuair a bheidh críochnaithe acu, ba cheart an t-uisce atá sa doirteall a thomhas.

GNÍOMHAÍOCHT 3: DÍOSPÓIREACHT FAOI CHÚRSÁI UISCE

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; OSPS; Alive-O

TÉ: Teanga agus Litearthacht; P

Acmhainní ag teastáil: Cártaí lomráiteas Uisce (Curaclam na Sraithe Sinsearaí, bileog

oibre lth.19), tacar cártaí do gach grúpa; páipéar; pinn.

- Roinn an rang i ngrúpaí, tabhair tacar Cártaí lomráiteas Uisce do gach grúpa
- Abair leis na daltaí an leathanach a roinnt ina thrí cholún. Ag barr cholúin 1, scríobh an teideal "Aontaím", ag barr cholúin 2 scríobh an teideal "Easaontaím", ag barr cholúin 3 scríobh an teideal "Nílím cinnte"
- Pléifidh gach grúpa na ráitis agus déanfaidh siad iarracht aontú ar an teideal gur cheart an ráiteas a chur faoi
- Cuir i gcuimhne do na daltaí éisteach lena chéile agus meas a bheith acu ar thuairimí a chéile agus gur minic nach mbíonn "freagra ceart" ann
- Tíocfaidh na grúpaí thar n-ais lena bhfreagraí a roinnt leis an rang. An bhfuil fianaise acu le tacú lena dtuairimí?
- Bain úsáid as an bhfáisnéis chúlra (lth.4) chun cur le heolas na ndaltaí

Gníomhaíocht Bhreise:

- Croch comhartha mór a bhfuil "Aontaím" scríofa air ar an bhfalla ar thaobh amháin den seomra ranga agus comhartha eile a bhfuil "Ní Aontaím" scríofa air ar fhalta an taobh eile.
- Léigh na ráitis thíos amach do na daltaí. Ba cheart dóibh siúl go taobh amháin nó taobh eile den seomra lena chur in iúl go n-aontaíonn/ nach n-aontaíonn siad
 - Is féidir le daoine sáile a ól.
 - Tá fuílleach uisce ar domhan chun go mbeidh a d(h) óthain ag gach duine le hól.
 - Ba cheart go mbeadh orainn díol as le cinntiú go mbeidh uisce sábháilte, inólta againn, m.sh. le méadair uisce.
 - Iarr ar na daltaí a dtuairimí a roinnt ar an bhfalla graifítí.



Tócaire/Fámiru Legesse

Qersi Godana, Dhá bhliain déag d'aois, An Aetóip



Is é riachtanas uisce ólacháin an duine ná **2-4 LÍTEAR** in aghaidh an lae. Is gá **2,000 - 5,000 LÍTEAR** chun bia aonlae a tháirgeadh do dhuine amháin.

*Foinse: Eagraíocht Bhia agus Thalmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO)



Ceiltear geall leis **95%** den uisce a úsáideann tú sa bhia a itheann tú, sna táirgí a cheannaíonn tú agus sna seirbhísí a mbraitheann tú orthu.

Foinse: National Geographic



GÉIRCHÉIM UISCE AN DOMHAIN UILE

Tá géirchéim uisce an domhain uile níos measa toisc athrú aeráide domhanda. Téann sé seo i bhfeidhm ar phátrúin báistí agus athraíonn timthriall an uisce. Mar thoradh air seo:

- Éiríonn na ceantair thirime níos tirime agus éiríonn na ceantair fhliucha níos fliuiche. Mar thoradh bíonn na céadta milliún duine thíos le brú uisce méadaithe.
- Bíonn sé níos deacra pátrúin báistí a thuar. Is bagairt mhór do phobail báisteach nach féidir a thuar, fiú sna ceantair a bhfuil fáil réasúnta maith ar uisce iontu. Tá fáil réasúnta maith ar uisce san Aetóip mar shampla i gcomparáid leis na tíortha a mbíonn triomaigh iontu go rialta. Is fadhb mhór í neamhrialtacht na báistí. Measann an Banc Domhanda gur báisteach nach féidir a thuar faoi ndeara laghdú aon trian de chumas na hAetóipe maidir le fás geilleagrach de.

Is iad na pobail bhochta is mó a fhulaingíonn na hathraithe seo. Go minic ní féidir leo dul i dtaithí ar athraithe aeráide toisc go mbíonn siad ag brath ar acmhainní áitiúla, soláthar uisce agus bídh mar shampla.

Uisce in Éirinn

Tá Éire ar cheann de na tíortha is fearr san Eoraip maidir le soláthar uisce de. An chúis is mó leis seo ná an aeráid fhliuch atá againn. In aineoinn na haimsire fliuiche faraoir, tá uisce glan ag éirí gann. Go teoiriciúil bíonn dóthain báistí againn le freastal ar riachtanais uisce an daonra, ach tá éagothroime idir an t-éileamh agus an dáileadh uisce.

Bíonn níos mó báistí in Iarthar na tíre ná san Oirthear toisc go bhfuil sé cóngarach don Atlantach. Tá an dlús daonra níos mó san Oirthear ná mar atá sé san Iarthar. Toisc an dlús daonra a bheith níos airde, toisc níos lú báistí agus toisc cur amú uisce ó phíobáin a bhíonn ag scaoileadh, bíonn ganntanais uisce níos coitianta in Oirthear na tíre. Meastar go mbeidh na ganntanais seo níos déine sna deich mbliain atá amach romhainn, agus

mórchéantar Bhaile Átha Cliath is mó a bheidh thíos leis.

Ní hamháin d'úsáid an teaghlaigh a bhaintear feidhm as an uisce atá ar fáil dúinn. Is dlúthchuid de tháirgeadh talmhaíochta é chomh maith. Bíonn gá ag feirmeoirí le huisce lena mbeostoc a chothú agus le barraí a fhás. San earnáil thionsclaíochta baintear úsáid as uisce le gach aon rud beo (nó geall leis) a dhéanamh ag pointe éigin i rith an phróisis táirgthe. Is dlúthchuid an t-uisce de gach aon saghas earraí agus seirbhísí ó na gluasteáin ar ár mbóithre go dtí na héadaí a chaithimid agus an bia a fhaighimid san ollmhargadh.

I dtír a bhfuil fuílleach báistí inti is fuirist talamh slán a dhéanamh d'uisce. Tá an-chuid gur féidir linn go léir a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirtear an acmhainn luachmhar seo amú. Is acmhainn le roinnt é an t-uisce agus táimid ar fad freagrach as.³



Enestina, 9 mbliana d'aois, An Mhaláiv

Trócaire/Jeannie O'Brien



Úsáideann an gnáthduine in Éirinn **150 lítear** d'uisce glan in aghaidh an lae, uisce a phumpáil-tear isteach ina dtithe féin



Is gá **1,500** lítear uisce le 1kg arbhair a tháirgeadh.

Is gá **15,000** lítear uisce le 1kg mairteola a tháirgeadh.

**Foinse: Clár Measúnaithe Uisce Domhanda (WWAP)

3. Ask About Ireland: <http://www.askaboutireland.ie/enfo/irelands-environment/water/water-in-ireland/>



ÚSÁID DOMHANDA UISCE

Moltar do mhúinteoirí lth.6 agus lth.7 den phacáiste achmhainne seo (An Braoinín Uisce agus Léarscáil na Maláive) a chóipeáil. D'fhéadfaí iad seo a úsáid leis an méid atá foghlamtha ag na daltaí a mheas.



GNÍOMHAÍOCHT 1: TORADH CUILITHEACH

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; OSPS; Alive-O

TÉ: Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; PDMU

Acmhainní ag teastáil:

Taispeántas sleamhnán The Ripple Effect, Curaclam na Sraithe Sinsearaí, ar fáil ar www.trocaire.org/education/lent2014

- Féach ar an taispeántas sleamhnán, The Ripple Effect, agus pléigh an t-ábhar ann ag leibhéal ranga, i ngrúpaí nó i mbeirteanna. (Dírigh ar chás-staidéir ar ghéirchéimeanna uisce sa Mhaláiv, sa Chéina, san Aetóip agus in Éirinn.)



GNÍOMHAÍOCHT 2: TÍR-RAON GARBH

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; OSPS

TÉ: Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; Teicneolaíocht; PDMU

Acmhainní ag teastáil:

Cóipeanna de Léarscáil bhán na Maláive (lth.7), léarscáil an duine; Léarscáil idirghníomhach Google (ar fáil ar www.trocaire.org/education/lent2014); atlais féin na ndaltaí.

- Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag foghlaim faoin Maláiv. Scríobhann na daltaí (nó léiríonn siad i bhfoirm léaráidí) an t-eolas atá acu cheana féin faoin Maláiv.
- Féachann na daltaí ar léarscáil idirghníomhach Google den Mhaláiv.
- Ag úsáid na háise "amharc ón talamh" zúmáileann siad isteach ar an Maláiv. Cén ilchríoch ar a bhfuil sí? Cad a thugann na daltaí faoi deara maidir le tír-raon na



Maláive? An bhfuil sé sléibhteach? An bhfuil fásach le feiscint? An bhfuil mórán lochanna nó aibhneacha inti?

- Anois aimsíonn na daltaí Éire agus zúmáileann siad isteach uirthi. Conas atá tír-raon na hÉireann i gcomparáid le tír-raon na Maláive? Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí eatarthu?
- Breac síos na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá thír ar léaráid Venn.
- Féachfaidh na daltaí ar an léarscáil athuair agus breacfaidh siad síos aon rud nua atá foghlamtha acu.

Gníomhaíocht Bhreise:

- Zúmáil isteach ar thíortha eile na hAfraice nó abair leis na daltaí úsáid a bhaint as a n-atlais féin chuige seo. An bhfuil an tír-raon mar an gcéanna i ngach tír? Cén eolas a thugann an tír-raon dúinn faoi aimsir/aeráid na dtíortha éagsúla? An bhfuil fianaise a thacaíonn le do fhreagra?
- Zúmáil isteach ar thíortha éagsúla na hEorpa nó abair leis na daltaí úsáid a bhaint as a n-atlais féin chuige seo. An bhfuil an tír-raon mar an gcéanna i ngach tír? Cén eolas a thugann an tír-raon dúinn faoi aimsir/aeráid na dtíortha éagsúla? An bhfuil fianaise a thacaíonn le do fhreagra?

GNÍOMHAÍOCHT 3: IS MÓR IS FIÚ AN BRAOINÍN IS LÚ

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; OSPS

TÉ: Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; PDMU

Acmhainní ag teastáil:

- Físeán Churaclam na Sraithe Shinsearaí atá ar fáil ar www.trocaire.org/education/lent2014; pinn is páipéar; spotaí daite páipéir
- Féach ar fhíseán Churaclam na Sraithe Sinsearaí
- Bíodh go leor ama agat leis an bhfíseán a stopadh le pointí a ardaítear sa bhfíseán a phlé, ceisteanna a fhreagairt srl.
- Tar éis an fhíseáin, cuir ráiteas ón bhfíseán, "Is ceart daonna é an t-uisce" i gcuimhne do na daltaí. Pléigh cad is brí leis an ráiteas sin
- Mínigh do na daltaí go dtagann dualgais



Den **5,000**

bhunscoil sa Mhaláiv, níl fáil ar uisce sábháilte, inólta ag

12% díbh.

Foinse: unicef.org



ÚSÁID DOMHANDA UISCE

áirithe le cearta. Roinn an rang i ngrúpaí. Abair leis na grúpaí roinnt dualgais a bhreacadh síos a ghabhann leis an gceart atá acu fáil a bheith acu ar uisce. Cad iad na dualgais atá orthu maidir leis an úsáid a bhaineann siad as uisce ar scoil? Cad iad na dualgais atá ar an rialtas maidir le huisce?

- Roinnfidh gach grúpa an dualgas is tábhachtaí, dar leo féin, leis an rang. Scríobhfar na freagraí ar an gclár
- Tabhair spota beag daite do na daltaí. Caitheann na daltaí vóta ar an dualgas is tábhachtaí dar leo féin. Cuireann siad an spota daite in aice leis an dualgas sin
- Aontaíonn an rang ar an dualgas sin a thógaint orthu féin

Gníomhaíocht Bhreise:

Iarr ar na daltaí a smaointe a roinnt ar an bhFalla Graifítí

Gníomhaíocht Obair Bhaile:

Féachann na daltaí ar léarscáil fholamh na Maláive athuair. Breacann siad síos na rudaí nua atá foghlamtha acu

GNÍOMHAÍOCHT 4: "IS FEARR PICTIÚR DÁ OLCAS, MÍLE FOCAL!"

Nasc Curaclaim:

P na hÉ: Teanga Labhartha; Scileanna Litearthachta; Tíreolas; OSPS

TÉ: Teanga agus Litearthacht; Tíreolas; PDMU

Acmhainní ag teastáil:

Páipéar smeach-chairte, marcóirí, grianghraif (atá ar chúil an phacáiste acmhainne seo). Breis grianghraif ar fáil le híoslódáil ó www.trocaire.org/education/lent2014

Is í aidhm na gníomhaíochtaí grianghraif seo a leanas ná plé agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh sna daltaí bunaithe ar na ceisteanna a ardaítear sna grianghraif. D'fhéadfaí iad a úsáid chomh maith chun steiréitíopaí a cheistiú agus chun plé faoi phictiúir, faoin gclaonadh agus faoi na meáin a spreagadh.



Roghnú

- Roghnaíonn na daltaí an grianghraif is fearr leo agus pléann siad é ina ngrúpa féin. Chun an phlé a threorú, fiafraigh de na daltaí cad é an rud is mó a chuir ionadh orthu/ cad é an rud is mó ar chuireadar spéis ann/ cad é an rud is mó a chuir ag machnamh iad?
- Cén áit a cheapann na daltaí a chifeá a leithéid seo de phictiúir? I nuachtán táblóideach, in irisleabhar, i bhfógraíocht?

Ag ceistiú grianghraif – dúshlán aon-nóiméid*

- Roinn an rang i ngrúpaí. Tabhair ról do gach dalta – scríbhneoir, maor ama, tuairisceoir, pasálaí. Roinneann gach grúpa leathanach ina thrí cholún. Teideal Cholúin 1: Feicim; teideal Cholúin 2: Ceapaim; teideal Cholúin 3: Déanaim iontas de Tabhair grianghraif do gach grúpa. Abair leo na colúin a líonadh leis na rudaí a fheiceann siad, cad a cheapann siad; cad iad na rudaí go ndéanann siad iontas díbh. Tar éis nóiméid amháin, tugann an pasálaí an grianghraif don ghrúpa ar thaobh na láimhe deise dá g(h)rúpa féin. Bíonn deis ag na grúpaí gach grianghraif a cheistiú. Tíocfaidh an scríbhneoir thar n-ais le smaointe an ghrúpa a roinnt leis an rang ar deireadh.
- An bhfuil fianaise ag na daltaí a thacaíonn leis an méid a scríobh siad? An bhfuil toimhde á ndéanamh acu faoi na daoine sa ghrianghraif? Cad atá taobh thiar dá dtuairimí?

Rangú

Roinn an rang i ngrúpaí. Tabhair raidhse grianghraif do gach grúpa. Iarr ar na grúpaí na grianghraif a rangú de réir critéir áirithe, m.sh. an ceann is mó/ is lú a thaitníonn leo, an grianghraif is fear a léiríonn an tábhacht a bhaineann le huisce, an grianghraif is fearr a léiríonn gur ceart daonna é fáil a bheith ag duine ar uisce agus mar sin de.

Boilgíní Cainte

I ngrúpaí, iarr ar na daltaí mothúcháin na ndaoine sna grianghraif a phlé. Muna bhfuil daoine i ngrianghraif áirithe, conas a bhraith an griangrafadóir agus é/í á thógaint, meas tú?

Inis scéal

Roinn an rang i ngrúpaí beaga agus tabhair trí ghrianghraif do gach grúpa. Iarr ar na daltaí leas a bhaint as na grianghraif le scéal a insint. Ba cheart go mbeadh grianghraif amháin á úsáid leis an scéal a oscailt, ceann eile do lár an scéil agus ceann eile leis an scéal a thabhairt chun críche. Bíodh go leor ama acu chun an scéal a insint don rang. Má tá go leor ama ar fáil, d'fhéadfaí na daltaí a thairnead ar cheamara agus an píosa a sheinnt ansan don rang.



* Ba mhaith le Trócaire buíochas a ghabháil le Ms. Anne Marie Reilly, Scoil Náisiúnta Naomh Ultan, Ascaill Ghort na Silíní, BÁC 10, a roinn an smaoinemh iontach seo linn!



BÍSE FÉIN GNÍOMHACH!

Is iomaí slí inar féidir le do rangsa a bheith gníomhach le linn an Charghais. Téigh ar www.trocaire.org/education/lent2014/takeaction lena thuilleadh eolais a fháil!



1.

Eas Geallúna

Tar éis dóibh oibriú trí na gníomhaíochtaí thuas, beidh tuiscint mhaith ag na daltaí ar an tábhacht a bhaineann le huisce ina saoil féin agus i saoil daoine eile timpeall an domhain. Má oibrímid le chéile is féidir difríocht mhór a dhéanamh agus an méid uisce a chuirtear amú a laghdú go mór.

Déan cóip den Bhraoinín Uisce (lth.6). Iarr ar na daltaí a nGeallúint Phearsanta Uisce a scríobh nó a léiriú i bhfoirm pictiúir. Cinntigh go bhfuil go leor datha ann le go léimfidh sé aníos chugat as an leathanach! Cuir an t-Eas Uisce ar thaispeáint in áit éigin sa scoil le go bhfeicfidh na ranganna eile é. Ba bhreá linn i dTrócaire bhur nEasa Uisce a fheiscint. Cuir na Braoiníní nó grianghraf den Eas Uisce chugainn ag:

P na hÉ: Eas Geallúna, Trócaire, Má Nuad, Co. Chill Dara
TÉ: Eas Geallúna, Trócaire, 50 Sráid an Rí, Béal Feirste, BT1 6AD



2.

Cuireadh do Pholaiteoir Áitiúil chuig do Scoile

D'fhéadfaí litir a scríobh ag tabhairt cuireadh do pholaiteoir áitiúil teacht chun cainte leis an rang. Bheadh an deis agaibh an t-eolas ar fad atá foghlamtha agaibh faoi chúrsaí domhanda uisce agus faoin tábhacht a bhaineann le huisce inár saoil féin agus i saoil daoine eile a roinnt leis/léi. Cuir ceist air/uirthi cad é ról an rialtais in úsáid uisce in Éirinn.

Téigh ar www.trocaire.org/education/lent2014/takeaction le litir shamplach a íoslódáil.





BÍSE FÉIN GNÍOMHACH!

3.

Comórtas Póstaeir Trócaire (tuilleadh eolais ar an mbileog iniata)

Tugann Trócaire cuireadh do dhaltaí bunscoile póstaer a dhearadh do Phacáiste Acmhainne an Charghais, 2015. Dáilfear an pacáiste seo ar níos mó ná 3,000 bhunscoil!

Bíodh an téama “Is mór is fiú an braoinín is lú!” mar spreagadh agaibh. Iarr ar na daltaí póstaer a dhearadh bunaithe ar an méid a d’fhoghlaim siad sa rang faoi cheisteanna chóir dhomhanda agus cearta daonna agus pacáiste acmhainne na bliana seo á úsáid.



4.

Comórtas Domhan Níos Fearr (tuilleadh eolais ar an mbileog iniata)

Agus na daltaí ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí, coimeád a gcuid oibre nó déan taifead de na gníomhaíochtaí len é a chur chuig Trócaire mar iontráil don chomórtas Domhan Níos Fearr. Seo roinnt smaointe d’iontrálacha:

Leabhar Gearrthóg: Bailigh le chéile bileoga, litreacha, grianghraif len iad a chur isteach i leabhar gearrthóg.

Físeán: Déan taifead ar na daltaí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí (ról-ghlacadh, ealaíon, obair cheardaíochta) agus ag caint faoin méid atá foghlamtha acu.

Ealaíon: Cuir chugainn obair cheardaíochta, déantúis nó póstaer a dhear na daltaí.



UISCE INÁR SAOIL





CÁRTAÍ IOMRÁITEAS UISCE

Tá fuílleach uisce againn in Éirinn agus mar sin ní gá dúinn níos lú uisce a úsáid.

Tá tíortha ann nach mbeidh go leor uisce acu go deo.

Ní féidir linn cabhrú le tíortha nach bhfuil uisce glan inólta acu.

Tá sé de dhualgas ar an rialtas a chinntiú go bhfuil dóthain uisce ag muintir na tíre.

Is gá go leor uisce le hearraí, bia agus éadaí a tháirgeadh.


Bíonn gá ag feirmeoirí le huisce lena gcuid barraí a fhás agus lena n-ainmhithe a chothú.

Bíonn uisce glan uainn le bheith sláintiúil.


Má ólann tú uisce salach, beidh tú an-bhreoite.

Bíonn uisce ag teastáil ó theaghlaigh le an-chuid jabanna a dhéanamh timpeall an tí.

Ba cheart go mbeadh daoine in ann oiread uisce agus gur mhaith leo a úsáid.



An t-Oideachas Forbartha dar le **TRÓCAIRE**



Téigh i dteagmháil linn

Trócaire,
Má Nuad,
Co. Chill Dara
Fón: 01 505 3200
Rphost: mboyce@trocaire.ie

Trócaire,
50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD.
Fón: 028 90 808 030
Rphost: infoni@trocaire.ie

Trócaire,
12 Sráid na hArd-Eaglaise,
BÁC 1.
Fón: 01 874 3875
Rphost: resources@trocaire.ie

Trócaire,
9 Sráid na gCócáirí,
Corcaigh.
Fón: 021 427 5622
Rphost: corkinfo@trocaire.ie

Bí gí linn ar

facebook



flickr

YouTube

Facebook: www.facebook.com/trocaireireland - téigh i dteagmháil linn
Twitter: www.twitter.com/trocaire - coinnigh suas leis an ngiolcaireacht is déanaí!
You Tube: www.youtube.com/trocaire - féach ar na daoine a dtugann tú tacaíocht dóibh
Flickr: www.flickr.com/trocaire -féach ár ngealaráí a bhíonn ag síorfhás

TRÓCAIRE

Is é Trócaire an áisíneacht forbartha thar lear den Eaglais Chaitliceach in Éirinn.

Ba mhaith le Trócaire buíochas ó chroí a ghabháil le Enestina, lena muintir agus lena pobal i gceantar Dedza, Lár na Maláive as ucht oibriú linn do Charghas 2014. Ba mhaith linn chomh maith buíochas a ghabháil le Ms. Paula Galvin, Scoil Náisiúnta Chluain Buiríosa agus le Ms. Ann Marie Reilly, Scoil Náisiúnta Naomh Ultan as ucht a gcuid gníomhaíochtaí ranga iontacha úra a roinnt linn go fial.

FORTHEIDIL NA NGRIANGHRAF

1. **Giselda**, Honduras
2. **Enestina, 9 mbliana d'aois**, An Mhaláiv
3. **Gamo**, An Aetóip Theas
4. **Dawit**, An Aetóip Theas
5. Loch Malombe, An Mhaláiv
6. Buachaill Óg, An Phacastáin
7. Páiste Óg, Béal Feirste
Peter Muhly/AFP Getty Images
8. Íomhá d'Abhainn na Life ar deineadh photoshop air.

Trócaire

Ag obair ar son na córa ar domhan.



The screenshot shows the website for Trócaire Lent 2014. At the top, there are social media icons for Facebook, Twitter, YouTube, and Pinterest. Below these are navigation buttons for HOME, PRIMARY, POST PRIMARY, TAKE ACTION, TRANSLATIONS, and SUPPORT. The main heading is "Trócaire LENT 2014" followed by "Welcome! Fáilte! Mwalandiridwa!". A welcome message states: "Welcome to our Lent 2014 Development Education website for smartboard and projector use. Here, you will learn about the global water crisis and its impact in Ireland and Malawi. With your class:". Below this are three sections: "EXPLORE: Water as a justice issue through active and creative learning", "THINK: Nurture imaginations by supporting students to make connections between water in their own lives and water globally", and "ACT: Empower your students to take action to live sustainably". A video player shows a group of people in a boat on a body of water. A link "Learn more about Development! Education" is provided. A "Classroom Resources" section is at the bottom with the text "Download the relevant resource for your class to support the activities on this site".

Micreashuíomh:
**[www.trocaire.org/education/
lent2014](http://www.trocaire.org/education/lent2014)**

**Is é Trócaire an áisíneacht
forbartha thar lear den
Eaglais Chaitliceach in Éirinn.**



Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte.